PROGRESS i ngníomh:

Clár an AE maidir le fostaíocht agus dlúthpháirtíocht shóisialta 2007-2013

Eoraip **shóisialta**

An Coimisiún Eorpach

This publication is supported by the European Union Programme for Employment and Social Solidarity - PROGRESS (2007-2013).

This programme is implemented by the European Commission. It was established to financially support the implementation of the objectives of the European Union in the employment, social affairs and equal opportunities area, and thereby contribute to the achievement of the Europe 2020 Strategy goals in these fields.

The seven-year Programme targets all stakeholders who can help shape the development of appropriate and effective employment and social legislation and policies, across the EU-27, EFTA-EEA and EU candidate and pre-candidate countries.

For more information see: http://ec.europa.eu/progress

PROGRESS i ngníomh:

Clár an AE maidir le fostaíocht agus dlúthpháirtíocht shóisialta 2007-2013

An Coimisiún Eorpach

An Ardstiúrthóireacht um Fhostaíocht, um Ghnóthaí Sóisialta agus um Chuimsiú
Aonad 01
Lámhscríbhinn arna críochnú i Lúnasa 2011

Ní bheidh an Coimisiún Eorpach ná aon duine a ghníomhaíonn ar son an Choimisiúin freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an eolas atá san fhoilseachán seo.

© Grianghraf clúdaigh: 123RF
Le haghaidh aon úsáide nó atáirgthe grianghrafanna nach bhfuil faoi chóipcheart na Aontais Eorpaigh, ní mór cead a fháil ón sealbhóir nó ó na sealbhóirí cóipchirt féin.

Seirbhís is ea Europe Direct a chabhróidh leat freagraí a fháil ar do cheisteanna maidir leis an Aontas Eorpach

Uimhir shaorghlao (*):
00 800 6 7 8 9 10 11

(*) Ní cheadaíonn oibritheoirí teileafóin soghluaiste áirithe rochtain ar uimreacha 00 800 nó d'fhéadfai airgead a ghearradh ar na glaonna sin.

Tá breis eolais faoin Aontas Eorpach le fáil ar an Idirlíon (http://europa.eu).
Tá sonraí catalógaithe chomh maith le hachoimre ar fáil i ndeireadh an fhoilseacháin seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2011

ISBN 978-92-79-21071-6
doi:10.2767/4109

© An tAontas Eorpach, 2011
Is ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoinse a admháil

Printed in Belgium
Arna chlóbhualadh ar pháipéar bán saor ó chlóirín dúilí (ECF)

Brollach
ón Ard-Stiúrthóir

Tá go leor oibre déanta ag tíortha Eorpacha maidir le nuachóiriú a ngeilleagir agus feabhsú caighdeáin maireachtála a bpobal le blianta beaga anuas. Tá dúshláin shuntasacha ann fós maidir le leanúint leis an bhfás ó thaobh an gheilleagair de, ag cinnntiú comhtháthú sóisialta agus ag laghdú na neamhionannais atá fós inár sochaí.

Léiríonn straitéis Eoraip 2020, a cuireadh i láthair in 2010, an bóthar chun cinn d'fhás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach. Is iad iarrachtaí comhchoiteanna gach páirtí leasmhar, sa rialtas agus taobh amuigh de, a chinnfidh an dtiocfaidh an fhís seo ar an talamh.

Bíodh teicneolaíocht nó déimeagrafaíocht i gceist, tá ár ngeilleagar agus ár sochaí ag athrú, agus tá dúshláin nua ag teacht chun cinn. Mar sin, tá sé riachtanach athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtas fadbhunaithe agus féachaint ar chur chuige úr, nuálach mar fhreagra orthu. Is í seo an fheidhm atá ag Clár an AE maidir le fostaíocht agus dlúthpháirtíocht Sóisialta (PROGRESS). Is uirlis forbartha beartais atá ann a éascaíonn nuálaíocht agus comhoibriú, agus a chuireann comhpháirtíochtaí níos láidre idir tíortha agus páirtithe leasmhara chun cinn.

Ní mór dúinn na torthaí is fearr is féidir a fháil ónár n-infheistíocht i bhfostaíocht agus i gcuimsiú sóisialta anois, níos mó ná riamh. Tá an Coimisiún Eorpach tiomanta do chuntasacht, agus baint fiúntas as na ceachtanna a foghlaimíodh i mbeartas agus i bpróisis cinnteoireachta. Tá PROGRESS bunaithe ar thorthaí agus tá sé d'aidhm aige an fócas seo a úsáid sna beartais agus sna próisis cinnteoireachta ar a bhfuil tionchar aige.

Tá go leor oibre le déanamh againn chun na cuspóirí a chuireamar le chéile don bhliain 2020 a bhaint amach. Cuirim fáilte roimh an bhfoilseachán seo, áfach, foilseachán ina léirítear cuid de na bealaí ina bhfuil PROGRESS, agus a bhonn leathan páirtithe leasmhara ag cabhrú linn ár mbeartais agus ár ngníomhartha a bheith ag dul sa treo ceart.

Koos Richelle
An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóir na Fostaíochta, na nGnóthaí Sóisialta agus an Chuimsithe

Clár Ábhar

Brollach 3

Réamhrá 6

Cuspóirí PROGRESS 8

1. San fhadtéarma: fís Eoraip 2020 8
2. Sa mheántéarma 8
3. Sa ghearrthéarma 9

Samplaí de thorthaí gearrthéarmacha PROGRESS 10

1. Foghlaim agus roinnt faisnéise 10
2. Beartas atá bunaithe ar fhianaise 12
3. Díospóireacht rannpháirteach ar ardchaighdeán 14
4. Cumas níos mó na líonraí 16
5. Comhtháthú saincheisteanna leathana 17

Rannpháirtíocht in PROGRESS 18

1. Cé is féidir leo cur isteach ar mhaoiniú? 18
2. Conas mar a oibríonn an maoiniú? 19

An bealach ar aghaidh 20

1. PROGRESS sa todhchaí 20
2. Léitheoireacht bhreise 21

Réamhrá

Is ionstraim atá i gclár an Aontais Eorpaigh maidir le fostaíocht agus dlúthpháirtíocht shóisialta, **PROGRESS** (2007-2013), a thacaíonn le forbairt fhostaíocht nuálach agus éifeachtach agus le beartais shóisialta ar fud na hEorpa. Tagann sé i gcomharba ar cheithre chlár gníomhaíochta chun cuíchóiriú a dhéanamh ar mhaoiniú an AE, leis an aidhm comhchuibheas sna cúig réimse beartais lena dtacaíonn sé a mhéadú.

Réimsí beartais arna dtacú ag PROGRESS

- Fostaíocht
- Cuimsiú sóisialta agus cosaint shóisialta
- Dálaí oibre
- Neamh-idirdhealú
- Comhionannas inscne

Tá sé de mhisean ag PROGRESS tacaíocht airgeadais a chur ar fáil d'iarrachtaí Bhallstáit an AE sochaí níos comhtháite a bhaint amach. Cuireann sé chun cinn rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha (lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí sochaí shibhialta) sa bpróiseas ceaptha beartais.

Oibríonn PROGRESS ar leibhéal an AE agus i gcomhar le ciste Sóisialta na hEorpa, a chuireann infheistíocht ar fáil i gcur chun feidhme beartas fostaíochta agus sóisialta i mBallstáit aonair, go háirithe i réigiúin ina bhfuil forbairt gheilleagrach ag titim ar cúl. Mar sin, cé go ndéantar tionscadail nithiúla a thacú le Ciste Sóisialta na hEorpa ar leibhéal áitiúil agus ar leibhéal náisiúnta sna réimsí fostaíochta agus sóisialta, tá PROGRESS dírithe go sainiúil ar thionscadail **ar leibhéal beartais ar fud an AE**.

Na huimhreacha a bhaineann le PROGRESS

Clár 7 mbliana 2007-2013.
Buiséad €683.25 milliún[1].

In 2010 amháin, thacaigh PROGRESS le:

- 252 imeacht faisnéise agus cumarsáide.
- 427 seisiún oiliúna, athbhreithniú piaraí agus imeacht foghlama frithpháirteacha.
- 161 tuarascáil ag sainaithint dea-chleachtas.
- 78 tuarascáil monatóireachta agus measúnaithe maidir le cur chun feidhme bheartas agus dhlí an AE.

Cur chuige straitéiseach, bunaithe ar thorthaí

Tá an Coimisiún freagrach as gnóthachtálacha PROGRESS a léiriú dá pháirtithe leasmhara Eorpacha agus náisiúnta. Cuirtear PROGRESS chun feidhme trí chur chuige bainistíochta atá bunaithe ar thorthaí. Faoin gcur chuige sin, déantar monatóireacht rialta ar dhul chun cinn atá déanta agus ceachtanna a fhoghlaim maidir le déanamh cinntí sa todhchaí.

Tá spriocanna chlár PROGRESS struchtúrtha in gcéimeanna loighciúla de thorthaí **ghearrthéarmacha**, **meánthéarmacha** agus **fadthéarmacha**. Díríonn na samplaí a léirítear sa bhfoilseachán seo ar na spriocanna **gearrthéarmacha** agus ar an gcaoi a bhfuil siad á mbaint amach sna cúig réimse beartais lena dtacaíonn PROGRESS.

1 Bhí an buiséad bunaidh socraithe ag €743.25 milliún. Mar fhreagra ar an ngéarchéim airgeadais, rinneadh athleithdháileadh ar €60 milliún go saoráid mhicrea-airgeadais Eorpach chun infhaighteacht agus inrochtaineacht mhicrea-airgeadais a mhéadú do ghrúpaí leochaileacha, do mhicrea-fhiontair agus don gheilleagar sóisialta

Cuspóirí PROGRESS

1. San fhadtéarma: fís Eoraip 2020

Príomhspriocanna Eoraip 2020 maidir le fostaíocht agus cuimsiú sóisialta

- Ba cheart go mbeadh 75% den daonra idir 20-64 fostaithe.
- Ba chóir don scair luathfhágálaithe scoile a bheith faoi 10% agus ba chóir céim tríú leibhéil a bheith ag 40% ar a laghad den ghlúin níos óige.
- Ba cheart go mbeadh 20 milliún níos lú duine i mbaol na bochtaineachta.

Cuireann PROGRESS le seachadadh aidhmeanna Straitéis Eoraip 2020. Is í an tosaíocht a bhaineann le Straitéis Eoraip 2020 ná fás sóisialta agus eacnamaíoch atá **cliste**, **inbhuanaithe** agus **cuimsitheach**. Tá "fás cuimsitheach", a dhíríonn ar mhná, daoine óga agus oibrithe níos sine chun cur le deiseanna fostaíochta agus oiliúna, an-ábhartha do PROGRESS. Tacaíonn trí thionscnamh shuaitheanta ar leith de chuid Eoraip 2020 leis an bhfócas seo: **an Clár um scileanna agus poist nua**, **An Óige ag Bogadh** agus **clár an AE i gcoinne na bochtaineachta**.

In 2010, mhaoinigh PROGRESS réimse cláir staidéir agus tionscadail, comhdhálacha agus seimineáir, staidrimh agus táirgí insoláthartha cosúla a bhí mar chuid lárnach de chur le chéile chuspóir "Fás Cuimsitheach" Straitéis Eoraip 2020 agus na dtrí thionscnamh shuaitheanta.

2. Sa mheántéarma

Aithníonn straitéis chlár PROGRESS trí sprioc **idirmheánach** mar chlocha cora agus réamhchoinníollacha i dtreo na gcuspóirí níos fadtéarmaí (Eoraip 2020).

Cur chun feidhme éifeachtach dhlí an AE i ngach Ballstát

Trasuitear os cionn 98% den reachtaíocht i réimsí dhlí an tsaothair, an tsláinte agus na sábháilteachta, an fhrith-idirdhealaithe agus an chomhionannas inscne sna Ballstáit. Chuir PROGRESS le feabhsú chaighdeán tionscnaimh beartais an Choimisiúin trína chinntiú go bhfuil siad bunaithe ar fhianaise láidir chomh maith le próisis cinnteoireachta níos inrochtana a chruthú agus réimse leathan páirtithe leasmhara a thabhairt i gceist. Chabhraigh sé lena chinntiú gur cuireadh dlí an AE i bhfeidhm go ceart agus go héifeachtach sna Ballstáit trí mhonatóireacht a dhéanamh ar a chur chun feidhme agus trí threoir agus oiliúint a sholáthar.

Comhthuiscint agus úinéireacht spriocanna an AE

Chabhraigh PROGRESS le forbairt an chomhoibrithe i measc údaráis áitiúla trí mhalartú dea-chleachtas, feabhas a chur ar a n-eolas maidir leis na saincheisteanna is dithneasaí trí lorg fíricí agus fianaise chomh maith le hardán comhchoiteann a sholáthar chun díospóireacht a dhéanamh maidir leis na saincheisteanna.

Comhpháirtíochtaí láidre agus éifeachtacha le páirtithe leasmhara náisiúnta agus uile-Eorpacha

Bíonn gníomhaithe neamh-rialtais agus páirtithe leasmhara lárnacha bainteach le próiseas cinnteoireachta PROGRESS, ionas gur féidir leo a ndearcthaí a chur in iúl do lucht déanta na gcinntí trí dhíospóireacht ar ard-chaighdeán, rannpháirtíocht ar leibhéal AE agus ar an leibhéal náisiúnta. Chuir an clár le forbairt acmhainne gníomhaithe lárnacha neamhrialtasacha trí thacaíocht a chur ar fáil do líonraí ar leibhéal an AE agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha, ionas go mbeidís ábalta tionchar a imirt nó athrú a chur i bhfeidhm ar leibhéal an AE agus ar leibhéal náisiúnta.

3. Sa ghearrthéarma

Aithníonn straitéis chlár PROGRESS cúig sprioc **láithreach** mar chlocha cora agus réamhchoinníollacha i dtreo na gcuspóirí meántéarmacha agus fadtéarmacha.

- Foghlaim agus roinnt faisnéise
- Beartais atá bunaithe ar fhianaise
- Díospóireacht rannpháirteach ar ardchaighdeán
- Cumas níos mó na líonraí
- Comhtháthú saincheisteanna leathana

Seo a leanas samplaí de ghníomhartha PROGRESS i leith na gcúig sprioc láithreach seo, sna cúig réimse beartais éagsúla lena dtacaítear.

Léiríonn na samplaí conas mar atá an clár ag tacú le forbairt agus comhordú beartas sóisialta agus fostaíochta Eorpach agus conas mar atá páirtithe leasmhara éagsúla bainteach le ceapadh beartais ar leibhéal an AE agus ar an leibhéal náisiúnta.

Samplaí de thorthaí gearrthéarmacha PROGRESS

1. Foghlaim agus roinnt faisnéise

Fostaíocht

Cur chun cinn na fiontraíochta agus na féinfhostaíochta ar fud na hEorpa: Bhí an seimineár athbhreithnithe téamaí seo ar siúl i mí na Samhna 2010 sa Bhruiséil i gcomhthéacs shárú na géarchéime eacnamaíoch agus ghéarchéim mhargadh an tsaothair.

Cuimsiú sóisialta agus cosaint shóisialta

Tástáil shóisialta: Seoladh dhá ghlaoch ar thograí maidir le tástáil shóisialta. Cuireann tionscadail roghnaithe le forbairt agus tástáil cineálacha cur chuige sóisialta nuálacha maidir le tosaíochtaí beartais shóisialta arna n-aontú faoin Modh Sóisialta Oscailte Comhordaithe, amhail cuimsiú gníomhach daoine arna n-eisiamh ó mhargadh an tsaothair, cosc agus maolú na bochtaineachta leanaí, inrochtaineacht, caighdeán agus inmharthanacht feabhsaithe maidir le cúram sláinte agus cúram fadtéarmach, troid i gcoinne eisiamh tithíochta, agus cuimsiú sóisialta imirceach agus mionlach eitneach, na Romaigh go háirithe.

Dálaí oibre

Fóraim athstruchtúraithe: Tá siad seo deartha mar ardán chun smaointe a roinnt agus díospóireacht a dhéanamh maidir le hathstruchtúrú cuideachtaí, agus na sochair a bhaineann le bainistíocht fhorghníomhach agus dhearfach na bpróiseas athraithe. Áirítear ionadaithe poiblí agus príobháideacha araon i bhfóraim athstruchtúraithe. Tá ról tábhachtach acu maidir le cabhrú le ceard-chumainn, gnólachtaí agus oibrithe chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair. In 2010, bhí siad ar siúl maidir le **Tionchar Infheisteoirí Airgeadais maidir le Fiontair**, **Comhpháirtíochtaí Nua chun Fostaíocht a Chaomhnú** agus **Infheistíocht i bhFolláine ag an Obair**.

Neamh-idirdhealú

Seimineáir oiliúna maidir le dlí frith-idirdhealaithe an AE: Eagraítear iad seo gach bliain ó 2003 i leith, agus tá siad dírithe ar chur chun feidhme threoracha AE a thoirmisceann gach cineál idirdhealaithe bunaithe ar chine nó ar bhunús eitneach, agus gach cineál idirdhealaithe i bhfostaíocht agus i gceird bunaithe ar reiligiún nó ar chreideamh, míchumas, aois agus claonadh gnéasach.

Comhionannas inscne

An Líonra Eorpach maidir le Mná i gCúrsaí Cinnteoireachta sa Pholaitíocht agus sa Gheilleagar: Seoladh an lionra seo i Meitheamh 2008 chun ardán ar leibhéal an AE a chur ar fáil i gcomhair straitéisí rathúla chun cothromaíocht inscne a fheabhsú i suíomhanna cinnteoireachta ar fud an AE. Ina theannta sin, d'fhonn feabhas a chur ar staitisticí agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le cothromaíocht inscne, d'fhorbair an Coimisiún bunachar sonraí cuimsitheach ar Mhná agus Fir i gCinnteoireacht, a chlúdaíonn na fearainn polaitíochta, poiblí, dlítheanacha, sóisialta agus eacnamaíocha san Eoraip.

2. Beartas atá bunaithe ar fhianaise

Fostaíocht

Bunachar sonraí staitistiúil maidir le beartas margadh saothair: Déantar é seo a choinneáil agus a nuashonrú ar bhonn bliantúil agus úsáidtear é chun beartais margadh saothair na mBallstát a chur i gcomparáid lena chéile agus monatóireacht a dhéanamh ar an gcaoi sin ar an dul chun cinn i dtreo chuspóirí Straitéis Fostaíochta na hEorpa. Mar shampla, bhí an bunachar sonraí ina chabhair maidir le breathnú ar shaincheisteanna amhail costais beartas margadh saothair gníomhach agus cuireadh fianaise ar fáil leis nárbh iad na beartais sin an phríomhchúis leis an iomaí easnamh poiblí a tháinig chun cinn.

Cuimsiú sóisialta agus cosaint shóisialta

Staidéar um Measúnú ar Thionchar Sóisialta mar Uirlis chun Ábhair Imní maidir le Cosaint Shóisialta agus Cuimsiú Sóisialta a Phríomhshruthú sa Bheartas Poiblí i mBallstáit an AE: Féachtar sa staidéar ar na bealaí éagsúla ina ndéantar measúnú ar thionchar sóisialta i mBallstáit an AE, agus déantar moltaí maidir le córais um measúnú éifeachtach ar thionchar sóisialta a chur i bhfeidhm agus anailís éifeachtach a dhéanamh ar thionchar sóisialta.

Dálaí oibre

Treoir neamhcheangailteach maidir le dea-chleachtas um Threoir 2003/10/CE "Torann sa láthair oibre" a chur i bhfeidhm: Mínítear sa treoir seo maidir le dea-chleachtas an bealach is féidir nochtadh oibreoirí do thorann sa láthair oibre a laghdú nó a sheachaint. Tá sí dírithe ar Bhallstáit, ar thionscail agus ar chomhlachtaí eile ar suim leo í, agus tugtar cur síos inti ar an mbealach chun an treoir a leanúint i leith na n-íosriachtanas sábháilteachta agus sláinte maidir le nochtadh oibreoirí do na rioscaí a bhaineann le torann.

Neamh-idirdhealú

Staidéar ar aois, míchumas, inscne, reiligiún nó creideamh, bunús eitneach nó cine agus claonadh gnéasach a úsáid i gcás seirbhísí airgeadais: Díríodh sa staidéar seo ar idirdhealú sna hearnálacha árachais agus baincéireachta.

Comhionannas inscne

An Difreálach Pá idir na hInscní san Eoraip ó thaobh an Dlí de: Is líonra saineolaithe dlí sa réimse a rinne an tuarascáil seo in 2010 agus fuarthas inti nach bhfuil comhionannas inscne ró-ard ar chlár oibre an rialtais i mórán Ballstát. Baineann an Coimisiún úsáid as an bhfianaise inti go hinmheánach go príomha chun reachtaíocht an AE a ghlacadh, a leasú agus chun monatóireacht a dhéanamh uirthi, agus baintear úsáid aisti freisin chun achtanna dlí náisiúnta a fhorbairt lena gcuirtear dlí an AE i bhfeidhm.

3. Díospóireacht rannpháirteach ar ardchaighdeán

Fostaíocht

Beartais Ghníomhacha Margadh Saothair (ALMPanna – *Active Labour Market Policies*) le haghaidh na Straitéise EORAIP 2020: bealaí le bogadh ar aghaidh: Ag an gcomhdháil seo, tháinig toscairí ó na Ballstáit go léir le chéile chun iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí chun ALMPanna reatha agus ALMPanna amach anseo san AE a dhéanamh níos inmheasta agus bunaithe ar fhianaise, na bearta ALMP is éifeachtaí a aithint agus a thuiscint, agus plé a dhéanamh faoin mbealach is fearr chun bearta ALMP a dhearadh agus a chur i bhfeidhm amach anseo faoi chuimsiú chreat na straitéise Eoraip 2020.

Seirbhísí Fostaíochta Poiblí (PES – *Public Employment Services*) - Fís le haghaidh 2020: Ba é aidhm na comhdhála seo díospóireacht a chur chun cinn agus feicseanacht a thabhairt do ról níos leithne PES, díriú ar shamhail nua a fhorbairt do PES agus ar shineirgí idir oideachas, oiliúint agus fostaíocht a chur chun cinn.

Cuimsiú sóisialta agus cosaint shóisialta

An Chomhdháil Chomhthola ar Easpa Dídine: Ba é aidhm na comhdhála seo comhthoil a fháil ó ghiúiré de pháirtithe leasmhara mar aon le triúr saineolaithe sa réimse maidir leis na saincheisteanna éagsúla a bhaineann le heaspa dídine san Eoraip. Bainfear leas as an gcomhthoil sin chun straitéis Eorpach a fhorbairt le dul i ngleic leis an easpa dídine.

Cruinniú Comhchéime Eorpach maidir le Bochtaineacht agus Eisiamh Sóisialta: Is imeacht bhliantúil é a mbíonn daoine bochta i láthair aige agus páirteach ann. In 2010, ba é príomhábhar na díospóireachta moladh an Choimisiúin maidir le Cuimsiú Gníomhach, inar cuireadh béim ar fhorfheidhmiú praiticiúil an mholta, agus cuireadh cleachtais ó Bhallstáit éagsúla i gcom-

© 123RF

paráid lena chéile d'fhonn conclúidí a tharraingt uathu faoi na cineálacha cur chuige a oibríonn is fearr.

Dálaí oibre

Ag obair ar feadh tréimhse níos faide de thoradh ar dhálaí oibre níos fearr agus modhanna oibre nua agus eagrú gairmréime: Le linn na comhdhála ardleibhéil sin, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus Eurofound, rinneadh iniúchadh ar mhodhanna nua chun obair a eagrú agus ar athruithe ar dhálaí oibre. Rinneadh an tsaincheist den ghairmréim a shíneadh mar fhreagairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha a mheasúnú. Rinneadh modhanna eagrúcháin oibre nua agus athruithe ar dhálaí oibre a mheas le linn na comhdhála freisin.

Neamh-idirdhealú

An Chomhdháil um Lá Eorpach na nDaoine faoi Mhíchumas: Eagraítear an chomhdháil beartais seo sa chéad seachtain de mhí na Nollag gach bliain, i ndlúthchomhar leis an bhFóram Eorpach do Dhaoine faoi Mhíchumas (EDF), le breithniú ar an tionchar a bhíonn ag reachtaíocht agus gníomh an AE ar leibhéal áitiúil. Cuireadh samplaí de phríomhshruthú i leith míchumais san Eoraip ar fáil i gcomhdháil 2010 agus tarraingíodh aird ar shaincheisteanna a bhaineann le haitheantas frithpháirteach do mhíchumas, soghluaisteacht daoine aonair agus scéimeanna slándála sóisialta, agus cúrsaí fóillíochta agus cultúir.

Comhionannas inscne

Ag dul i ngleic leis an mbearna pá lena léirítear na héagothromóidí gairmiúla idir fir agus mná: Ba chomhdháil de chuid Uachtaránacht na Beilge í seo a bhí ar siúl i nDeireadh Fómhair 2010. Bhí tionchar ag torthaí na ngrinnphléití ar Chonclúidí na Comhairle maidir le tiomantas a threisiú agus gníomh a ghéarú chun an difreálach pá idir na hinscní a réiteach.

4. Cumas níos mó na líonraí

Cuimsiú sóisialta agus cosaint shóisialta

Eurocities: Tugann an líonra seo na rialtais áitiúla i níos mó ná 140 cathair mhóra in os cionn 30 tír Eorpacha le chéile. Trína chuid gníomhaíochtaí pléitear le raon leathan beartas maidir le forbairt eacnamaíoch agus beartas comhtháthaithe, seirbhísí poiblí a sholáthar, athrú aeráide, fuinneamh agus an comhshaol, iompar agus soghluaisteacht, fostaíocht agus gnóthaí sóisialta, cultúr, oideachas, sochaí eolais agus faisnéise, chomh maith le rialachas agus comhar idirnáisiúnta.

Líonra na hEorpa in aghaidh na Bochtaineachta: Tá an líonra neamhspleách a bunaíodh i 1990 comhdhéanta d'eagraíochtaí neamhrialtasacha agus grúpaí atá páirteach sa chomhrac in aghaidh na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta i mBallstáit an Aontais Eorpaigh.

Neamh-idirdhealú

An Líonra Eorpach i gcoinne an Chiníochais (ENAR) agus a **Scáth-thuarascálacha le déanaí ar chiníochas san Eoraip:** Leo sin léiríodh go bhfuil an ciníochas fós ina fadhb thromchúiseach san AE. Ba é toradh an ENAR glao 9 bpointe ar ghníomh chuig Uachtaránacht na Beilge le cabhrú chun Eoraip chothrom do chách a fhorbairt agus glao 3 phointe ar ghníomh chuig Uachtaránachtaí na Spáinne, na Beilge agus na hUngáire.

Ardán na hEorpa do Dhaoine Scothaosta: Tá an t-ardán dírithe ar raon leathan réimsí beartais a théann i gcion ar dhaoine scothaosta agus daoine ar scor, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le hidirdhealú, aosú gníomhach agus oibrithe scothaosta a fhostú, cosaint shóisialta, leasuithe

© 123RF

pinsean, cuimsiú sóisialta, sláinte, taighde, inrochtaineacht an iompair phoiblí agus na timpeallachta tógtha, agus TFC.

Equinet: Tá sé d'aidhm leis an líonra seo, trína dtugtar 33 eagraíocht ó 28 tír Eorpacha le chéile, gníomhú in aghaidh an idirdhealaithe mar chomhlacht comhionannais náisiúnta thar raon réimsí lena n-áirítear aois, míchumas, inscne, cine nó bunús eitneach, reiligiún nó creideamh, agus claonadh gnéasach. Oibríonn Equinet chun cabhrú le comhlachtaí comhionannais a gcumas iomlán a bhaint amach agus a úsáid ar leibhéal Ballstáit trí líonrú agus ardán a fhorbairt agus a choinneáil idir comhlachtaí comhionannais ar leibhéal Eorpach.

5. Comhtháthú saincheisteanna leathana

Comhionannas inscne

Stocairí Eorpacha na mBan: Tá an grúpa seo ag éileamh go mbeadh gné láidir inscne in Eoraip 2020, ag moladh go ndéanfaí gealltanas an difreálach pá idir na hinscní a réiteach faoi 2020 agus go socrófaí sprioc go mbeadh 40% de chomhaltaí boird fiontar ina mná. Tá siad ag lorg córas monatóireachta níos fearr, mar aon le measúnú tionchair inscne córasach i ngach beartas, sprioc, tagarmharc agus beart faoin Straitéis Eoraip 2020.

Rannpháirtíocht in PROGRESS

1. Cé is féidir leo cur isteach ar mhaoiniú?

Cuirtear maoiniú ó PROGRESS ar fáil le haghaidh **Bhallstáit an AE, tíortha LSE/LEE**, agus **tíortha is iarrthóirí an AE** agus **tíortha is iarrthóirí féideartha an AE**, chomh fada is a bhfuiltear tar éis Meabhrán Tuisceana maidir le rannpháirtíocht sa chlár a shíniú.

Is iad seo a leanas na cineálacha eagraíochtaí gur féidir leo cur isteach ar mhaoiniú:

- Údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla
- Seirbhísí fostaíochta poiblí
- Oifigí staitisticí náisiúnta
- Sainchomhlachtaí, ollscoileanna, institiúidí taighde
- Páirtithe sóisialta agus eacnamaíochta
- Eagraíochtaí neamhrialtasacha
- Na meáin

2. Conas mar a oibríonn an maoiniú?

Tá na gníomhaíochtaí dá soláthraítear maoiniú faoi PROGRESS liostaithe sa Phlean Oibre Bliantúil, agus is féidir nasc chuige sin a fháil ag **www.ec.europa.eu/progress.**

Dámhtar maoiniú le haghaidh **soláthair** (trí **ghlaonna chun tairisceana**) nó i bhfoirm **deontas** (trí **ghlaonna ar thograí**).

Ní thugann PROGRESS maoiniú do thionscadail aonair ar iarratas ná de réir an cháis - ní mór d'eagraíocht ar bith atá ag lorg maoinithe féachaint ar an liosta gníomhaíochtaí sa Phlean Oibre Bliantúil chun an cineál gníomhaíochta a lorg, mar aon leis an modh maoinithe agus an cineál sprioceagraíochta d'fhonn iarratas cuí a chur isteach ar mhaoiniú.

I gcás deontas, is é **cómhaoiniú** prionsabal an chláir. Ciallaíonn sé sin go gcuireann an Coimisiún le céatadán áirithe de chostais iomlána an tionscadail; is é 80% an aisíocaíocht uasta a dhámhtar de ghnáth.

An bealach ar aghaidh

1. PROGRESS sa todhchaí

Ní foláir nó go ndéanfaí PROGRESS a fhorbairt níos faide ná a thréimhse clársceidealaithe reatha le cur ar chumas an AE tacú leis na Ballstáit ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil chun cuspóirí Eoraip 2020 a bhaint amach.

Sannfar an plean beacht a leanfar bunaithe ar an bpróiseas leantach de cheachtanna a fhoghlaim atá i gcroílár chur chuige bainistíochta PROGRESS atá bunaithe ar thorthaí. Tá sé soiléir áfach, gur gá leanúint de dhíriú ar chomhpháirtíochtaí a neartú ar leibhéil Eorpacha, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus idir na gníomhaithe uile atá páirteach i ndul sa tóir ar chomhspriocanna maidir le fostaíocht agus cuimsiú sóisialta. Beidh taighde agus anailís bhreise ar bhonn leanúnach riachtanach chun forbairt, measúnú agus monatóireacht a dhéanamh ar bheartais shóisialta agus fostaíochta Eorpacha agus ar an dul chun cinn arna a dhéantar i dtreo spriocanna aontaithe.

2. Léitheoireacht bhreise

Le tuilleadh faisnéise a fháil faoin gcaoi ina n-oibríonn PROGRESS, féach ar láithreán Gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh **www.ec.europa.eu/progress**, áit a bhfaighidh tú foilseacháin eile faoin gclár chomh maith:

- Bróisiúr agus foilseachán níos grinne ar chreat straitéise PROGRESS ('Ag deimhniú go gcuireann Progress torthaí ar fáil').
- Tuarascála monatóireachta feidhmíochta bliantúla.

An Coimisiún Eorpach

PROGRESS i ngníomh: Clár an AE maidir le fostaíocht agus dlúthpháirtíocht shóisialta 2007-2013

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

2011 — 21 lgh. — 17,6 x 25cm

ISBN 978-92-79-21071-6
doi:10.2767/4109

Is éard atá in PROGRESS (2007-2013) ná clár an AE maidir le Fostaíocht agus Dlúthpháirtíocht Shóisialta, a bunaíodh chun tacaíocht airgeadais a sholáthar chun cabhrú le cur i bhfeidhm na Straitéise Eoraip 2020. San fhoilseachán seo leagtar amach cuspóirí fadtéarmacha agus gearrthéarmacha an chláir agus tugtar roinnt samplaí de na bealaí ina bhfuil an clár ag tacú le beartas fostaíochta agus sóisialta Eorpach a fhorbairt agus a chomhordú agus de na bealaí ina bhfuil baint ag páirtithe leasmhara éagsúla le ceapadh beartais ar leibhéal an AE agus ar leibhéal náisiúnta.

Tá an foilseachán seo ar fáil i bhformáid chlóite i dteangacha oifigiúla uile an AE.

CONAS TEACHT AR FHOILSEACHÁIN DE CHUID AN AE

Foilseacháin saor in aisce:

- ar laithreán Gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu);
- ó ionadaíochtaí nó ó thoscaireachtaí an Aontais Eorpaigh. Féadfar na sonraí teagmhála maidir leo a fháil ar an Idirlíon (http://ec.europa.eu) nó trí fhacs a chur chuig an uimhir seo: +352 2929-42758.

Foilseacháin a bhfuil praghas orthu:

- ar laithreán Gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu).

Sintiúis a bhfuil praghas orthu (sraitheanna bliantúla *d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus tuarascálacha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh):

- ó cheann de ghníomhairí díolacháin Oifig Foilseachán an Aontais Eorpasáin (http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm)

KE-30-11-242-GA-C

An bhfuil suim agat i bh**foilseacháin** na hArdstiúrthóireachta um Fhostaíocht, um Ghnóthaí Sóisialta agus um Chuimsiú?

Má tá, is féidir leat iad a íoslódáil nó síntiús saor in aisce a thabhairt amach ó ***http://ec.europa.eu/social/publications***

Chomh maith leis sin, féadfaidh tú clárú chun *Nuachtlitir leictreonach um Eoraip Shóisialta* an Choimisiúin Eorpaigh a fháil saor in aisce ag ***http://ec.europa.eu/social/e-newsletter***

http://ec.europa.eu/social

www.facebook.com/socialeurope

Oifig na bhFoilseachán

9 789279 210716